Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16176/23**

**MI 1067**
**IND 644**
**COMPET 1221**
**POLARM 10**
**CFSP/PESC 1626**
**COARM 319**
**DELACT 196**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13580/23 + ADD 1 - C(2023) 6149 Final |
| Ábhar: | Treoir Tharmligthe (AE) .../...ón gCoimisiún an 27.9.2023 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 20 Feabhra 2023<br>- Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 28 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an dréacht-treoir tharmligthe thuas faoi bhráid na Comhairle, lena leasaítear, de bhun Airteagail 13 agus 13a(4) de Threoir 2009/43/CE[1], a Iarscríbhinn, agus ní mór don Iarscríbhinn sin freagairt go docht do Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.

2. An 2 Deireadh Fómhair 2023, iarradh ar na toscaireachtaí a léiriú faoin 14 Samhain 2023 má bhí sé i gceist acu cur i gcoinne na dréacht-treorach tarmligthe thuas. Níor tharraing aon toscaireacht aon fhorais ábhartha anuas le cur ina coinne. Rachaidh an sprioc-am oifigiúil 3 mhí in éag an 29 Nollaig 2023, agus glacfar an gníomh tarmligthe ina dhiaidh sin.

[1] Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1-36), an leagan comhdhlúite is déanaí: 7/6/2023.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuiltear ag cur i gcoinne na dréacht-treorach tarmligthe, mar a leagtar amach in 13580/23 + ADD 1 í. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar agus go nglacfar an gníomh tarmligthe tar éis an 29 Nollaig 2023, i gcomhréir le hAirteagal 13a(4)[2] de Threoir 2009/43/CE.

---

[2] Den leagan comhdhlúite.